Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**9086/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0141 (NLE)**

**AGRI 188**
**FORETS 32**
**DEVGEN 91**
**ENV 432**
**RELEX 644**
**JUR 338**
**PROBA 15**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine maidir le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach |

**CINNEADH (AE) …/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine maidir le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Bealtaine 2003, ghlac an Coimisiún teachtaireacht chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa dar teideal *Forest Law Enforcement, Governance and Trade (FLEGT): proposal for an EU action plan* [Forfheidhmiú an Dlí i dtaca le foraoisí, Rialachas agus Trádáil (FLEGT): Togra le haghaidh Plean Gníomhaíochta AE]. Iarraidh sa Phlean Gníomhaíochta a leagtar amach sa teachtaireacht sin ('Plean Gníomhaíochta FLEGT') ar bhearta chun aghaidh a thabhairt ar logánú neamhdhleathach trí chomhaontuithe comhpháirtíochta saorálaí a fhorbairt le tíortha táirgthe adhmaid. Ghlac an Chomhairle a conclúidí maidir le Plean Gníomhaíochta FLEGT an 13 Deireadh Fómhair 2003 agus ghlac Parlaimint na hEorpa a rún ar an ábhar an 11 Iúil 2005.

(2) An 5 Nollaig 2005, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le tíortha táirgthe adhmaid maidir le comhaontaithe comhpháirtíochta chun Plean Gníomhaíochta FLEGT a chur chun feidhme.

(3) An 20 Nollaig 2005, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005[1] lenar bunaíodh scéim ceadúnúcháin FLEGT i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach ó thíortha lenar chuir an tAontas comhaontuithe comhpháirtíochta saorálaí i gcrích.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach (IO L 347, 30.12.2005, lch. 1).

(4) Cuireadh i gcrích go rathúil an chaibidlíocht le Comharphobalacht na Guáine i ngeall ar chur i gcrích Chomhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Comhphoblacht na Guáine maidir le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach ('an Comhaontú') le hinisealú an Chomhaontaithe an 23 Samhain 2018.

(5) Ba cheart an Comhaontú a shíniú, faoi réir a chur i gcrích ar dháta níos déanaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine maidir le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach a údarú, faoi réir chur i gcrích an chomhaontaithe sin[1+].

*Airteagal 2*

Údaraítear leis seo d'Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine a ainmniú a bhfuil sé de chumhacht aige nó acu an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

1 Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

+ Toiscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST 9271/22.